TUAIRIM Uimh. 4/2010

(de bhun Airteagal 322, CFAE)

maidir le togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, i dtaca leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

(2010/C 145/02)

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322 de, i dteannta leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe d'Airteagal 106a de,

Ag féachaint don dréachtrialachán [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 an 25 Meitheamh 2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach [2] (an Rialachán Airgeadais anseo feasta), i dtaca leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí,

Ag féachaint don iarraidh ón gComhairle ar thuairim i leith an dréachta thuasluaite a fuarthas ag an gCúirt an 8 Aibreán 2010,

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

Struchtúr na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí

1. Is éard is aidhm leis an dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bhfuil tuairim ón gCúirt Iniúchóirí á hiarraidh ina leith, ná an Rialachán Airgeadais reatha a leasú chun a rialacha a oiriúnú do nádúr sainiúil na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS anseo feasta) a bhfuil coinne leis in Airteagal 27(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, mar atá modhnaithe ag Conradh Liospóin a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009. Beidh an SEGS ina comhlacht uathrialach de chuid an Aontais faoi údarás an Ardionadaithe a thabharfaidh tacaíocht di i gcomhlíonadh a sainorduithe. Bunófar eagar agus feidhmiú an SEGS le cinneadh ón gComhairle. Tugtar an 25 Márta 2010 mar dháta den togra le haghaidh an chinnidh sin.

2. D'fhonn leanúnachas oibríochtúil na dtoscaireachtaí reatha a chinntiú, measfar go mbeidh caiteachas oibríochtúil a dhéanann Cinn na dtoscaireachtaí ag teacht le cur chun feidhme an bhuiséid ag an gCoimisiún ar bhainistiú láraithe díreach, cé gur institiúid ar leith í an SEGS.

3. Beidh an SEGS comhdhéanta de riarachán lárnach agus de thoscaireachtaí Aontais chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí náisiúnta. Beidh Ceann Toscaireachta, a bheidh i gceannas ar fhoireann uile na toscaireachta, i bhfeighil gach toscaireachta Aontais.

4. Beidh oifigigh ó Ardrúnaíocht na Comhairle, oifigigh ón gCoimisiún agus pearsanra a thógfar ar iasacht ó sheirbhísí taidhleoireachta na mBallstát san fhoireann SEGS. Ceapfar iad mar ghníomhairí sealadacha faoi na Rialacháin Foirne. I gcás cúrsaí foirne déileálfar leis an SEGS mar institiúid laistigh de bhrí na Rialachán Foirne.

Barúlacha ginearálta

Nádúr na SEGS chun críche an Rialacháin Airgeadais

5. Tugann an Chúirt faoi deara, mar a iarrtar sa tuarascáil ó Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí maidir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí an 23 Deireadh Fómhair 2009 [3], go mbeidh an SEGS ina seirbhís de nádúr *sui generis* a ndéileálfar leis mar institiúid chun críocha an Rialacháin Airgeadais, agus tairbheoidh sí de roinn dá cuid féin den Bhuiséad agus cuirfear faoi bhráid urscaoileadh Pharlaimint na hEorpa sa cháil sin í ach, ag an am céanna, eadhon ag leibhéal Toscaireachta, fanfaidh an SEGS mar an tseirbhís ábhartha ag an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme leithreasuithe oibríochtúla a thiocfaidh ón roinn "Coimisiún" sa Bhuiséad.

Struchtúr nua a bhainistiú

6. Beidh an fhoireann sna Toscaireachtaí comhdhéanta d'fhoireann SEGS agus foireann ón gCoimisiún. Gheobhaidh Cinn na dToscaireachtaí toscaireacht ón gCoimisiún, an institiúid a fheidhmíonn an buiséad agus a bhainistíonn na cláir i gcomhréir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gcomhréir le hAirteagal 317 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh d'fhonn leithreasuithe oibríochtúla a chur chun feidhme ar a shon. Ciallaíonn struchtúr nua na SEGS agus dualgais Cheann na Toscaireachta Aonaid go dtuairisceoidh sé chuig dhá chomhlacht dhifriúla. Dealraíonn sé go bhfuil réiteach á lorg san Airteagal 60a (2) agus (3) nua a moladh. Tugann an Chúirt faoi deara nach mór a bheith cúramach i mbainistiú an struchtúir nua *inter alia* chun malartú tosaíochtaí a sheachaint.

(1) COIM(2010) 85 leagan críochnaitheach an 24 Márta 2010.
(2) IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.
(3) Tuarascáil ón Uachtaránacht chuig an gComhairle Eorpach maidir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, doiciméad 14930/09 ón gComhairle.

Sásraí seachadta

7. I dTuarascáil Speisialta Uimh. 10/2004 ón gCúirt, rinne an Chúirt tagairt don dul chun cinn suntasach a rinneadh i mbainistiú cúnaimh eachtraigh i gcreat an phróisis "déabhlóide", lena n-áirítear treisiú ar aonaid oibríochtúla agus airgeadais na dToscaireachtaí, agus nósanna imeachta níos láidre agus iontaofa, a chuidigh le feabhas a chur ar rialtacht, tráthúlacht agus caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Measann an Chúirt go bhfuil sé sártháibhachtach cuntasacht, freagracht agus caighdeán bainistithe airgeadais ar leibhéal na Toscaireachta a chaomhnú agus a fheabhsú. Níor chóir go gcuirfí struchtúir eagraíochtúla na dToscaireachtaí Aontais amach anseo éifeachtúlacht a bhfeidhmeanna oibríochtúla agus airgeadais agus leithscaradh a ndualgas i mbaol.

8. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfaí féachaint ar an togra mar iarracht ar nósanna imeachta inmheánacha an Choimisiúin agus caighdeáin cur chun feidhme a leithreasuithe a chosaint chomh fada agus is féidir, i gcreat institiúideach atá nua agus níos casta.

9. Is cúis imní don Chúirt í, áfach, go ndéantar iarracht an cuspóir seo a bhaint amach (a) trí mhaoluithe suntasacha ón Rialachán Airgeadais, ós rud é go dtabharfar fotharmligin de chumhachtaí cur chun feidhme buiséid an Choimisiúin d'oifigigh údaruithe (Cinn na dToscaireachtaí) nach mbeidh mar chuid de ranna an Choimisiúin a thuilleadh; (b) trí chastacht mhéadaithe i mbainistíocht airgeadais agus tuairisciú misean agus oibríochtaí na dToscaireachtaí; agus (c) trí neamhchinnteacht shuntasach maidir leis an leithdháileadh buiséadach agus bainistíocht caiteachas riaracháin agus tacaíochta na dToscaireachtaí Aontais, ar saincheist é nach ndéantar soiléiriú air sa togra.

Barúlacha sonracha

10. Is cúis shonrach imní don Chúirt iad ceithre de na forálacha leasuithe agus molann sí modhnuithe ar an téacs ar féidir teacht orthu sa tábla atá i gceangal leis an Tuairim seo.

Beidh impleachtaí ag na leasuithe a mholtar do chur chun feidhme "indíreach láraithe" uile an bhuiséid agus ní hamháin don SEGS

11. *Airteagal 30*. Molann an Coimisiún téacs nua a chur in áit na chéad fhomhír d'Airteagal 30(3), a dhearbhóidh go gcuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil, ar mhodh iomchuí, faoi na tairbhithe cistí a eascróidh ón mbuiséad a bheidh aige agus an buiséad sin á chur chun feidhme ar bhonn láraithe de bhun Airteagal 53a. Forálann Airteagal 53a nua gur féidir le cur chun feidhme an bhuiséid ag an gCoimisiún ar bhonn láraithe a bheith díreach – ag a ranna nó ag an Toscaireacht Aontais – nó indíreach i gcomhréir le hAirteagal 54 go hAirteagal 57.

12. De bharr chomhléamh na nAirteagal nua, Airteagal 30(3), an chéad fhomhír, agus Airteagal 53a, tá feidhm ag oibleagáid an Choimisiúin chun faisnéis a choimeád faoi thairbhithe cistí a eascróidh ón mbuiséad nuair a dhéantar an buiséad a chur chun feidhme ar bhonn láraithe, go díreach agus go hindíreach. Ach, i leagan reatha d'Airteagal 30(3), an chéad fhomhír, déantar oibleagáid an Choimisiúin chun faisnéis a choimeád faoi thairbhithe cistí a eascróidh ón mbuiséad infheidhme a theorannú go cásanna ina ndéantar an buiséad a chur chun feidhme ar bhonn láraithe agus go díreach amháin.

13. Níl baint ag síneadh na hoibleagáide chun faisnéis a choimeád i leith tairbhithe cistí a eascraíonn ón mbuiséad i gcás bainistíochta atá indíreach agus láraithe le staid shonrach na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Dá bhrí sin, téann síneadh den sórt sin thar ábhar an togra agus bheadh sé infheidhme i gcás gach bainistíochta a bheidh indíreach agus láraithe. D'fhonn a bheith ar aon dul leis an gcleachtas reatha, ba cheart Airteagal 30(3), an chéad fhomhír, a leasú mar seo a leanas:

"Cuirfidh an Coimisiún ar fáil, ar mhodh iomchuí, faisnéis faoi thairbhithe cistí a eascróidh ón mbuiséad a bheidh á theachtadh aige agus an buiséad á chur chun feidhme ar bhonn láraithe agus go díreach ag a ranna nó ag Toscaireachtaí an Aontais i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 51, agus faisnéis faoi thairbhithe cistí arna soláthar ag na heintitis a ndéanfar cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chucu faoi mhodhanna eile bainistíochta."

Cuntasacht Chinn Thoscaireachtaí an Aontais treisithe ach d'fhéadfadh an leasú ar choinbhleacht leasa gan a bheith comhsheasmhach le FR

14. *Airteagal 60a*. Is dealraitheach gurb é cuspóir Airteagail 60a ná treisiú a dhéanamh ar an bprionsabal go bhfuil Cinn Thoscaireachtaí an Aontais, agus iad ag gníomhú faoi fhotharmligean, faoi réir na rialacha cuntasachta céanna agus atá ag aon oifigigh údaraithe eile trí fhotharmligean (de bhun Airteagal 60 den Rialachán Airgeadais). Measann an Chúirt go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí dualgais Chinn Thoscaireachtaí an Aontais a áitiú sa mhéid sin.

15. De bhun an dara fomhír, áfach, tá Cinn Thoscaireachtaí an Aontais *inter alia* freagrach as coinbhleachtaí leasa féideartha a réiteach. Ba cheart an tagairt don choincheap "coinbhleacht leasa" sa chomhthéacs seo a sheachaint, ós rud é go ndealraíonn sé go gclúdaíonn sé seo cineál eile de "choinbhleacht leasa" a ndéanann Airteagal 52 den Rialachán Airgeadais sainmhíniú air. Ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht, ba cheart go gcoimeádfaí an sainmhíniú céanna ar choincheap i ngach foráil den Rialachán Airgeadais. Molann an Chúirt Airteagal 60a(1) a leasú bunaithe dá dhála sin.

Tá gá le soiléiriú ar chumhachtaí an Iniúchóra inmheánaigh.

16. *Airteagal 85*. Ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht, leis an éifeachtúlacht agus leis an éifeachtacht, glacann an Chúirt le rogha Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin mar Iniúchóir inmheánach na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Mar sin féin, tugann dréachtú an iarthéacs molta d'Airteagal 85 den Rialachán Airgeadais le fios nach bhfuil na cumhachtaí céanna ag Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin i leith na SEGS mar a bheadh aige/aici i leith ranna an

Choimisiúin agus go bhféadfadh na cumhachtaí sin athrú ag brath ar cé acu de rannóga ábhartha an bhuiséid – an SEGS nó an Coimisiún – atá á gcur chun feidhme. Chun aon mhíthuiscint i leith cumhachtaí an Iniúchóra inmheánaigh a sheachaint, molann an Chúirt an téacs seo a leanas a chur in áit an iarthéacs mholta.

"Beidh na freagrachtaí céanna ag Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin i leith na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, dá dtagraítear in Airteagal 1, agus mar atá aige/aici i leith ranna an Choimisiúin".

Dealraíonn sé gur beag cuspóir atá ag roinnt de na leasuithe atá molta.

17. *Airteagal 165*. Tá ciall an leasaithe atá molta d'Airteagal 165 míshoiléir. Ní cheapann an Chúirt go bhfuil gá le hAirteagal 165 a leasú, tar éis d'Airteagal 53a a bheith leasaithe.

18. *Airteagal 185*. Níl aon chuspóir ag an leasú atá molta d'Airteagal 185. Feidhmeoidh an chomparáid maidir le raon feidhme chumhachtaí Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin de bhun tagairt do ranna an Choimisiúin amháin. Dá bhrí sin, molann an Chúirt gan Airteagal 185 a leasú.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aici an 29 Aibreán 2010.

Thar Ceann na Cúirte Iniúchóirí

Vítor Manuel da SILVA CALDEIRA

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Togra an Choimisiúin	Moladh na Cúirte
Airteagal 1	*Airteagal 1*
(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 30(3):	(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 30(3):
"Cuirfidh an Coimisiún ar fáil, ar mhodh iomchuí, faisnéis faoi thairbhithe cistí a eascróidh ón mbuiséad a bheidh á theachtadh aige agus an buiséad á chur chun feidhme ar bhonn láraithe de bhun Airteagal 53a, agus faisnéis faoi thairbhithe cistí arna soláthar ag na heintitis a ndéanfar cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chucu faoi mhodhanna eile bainistíochta".	"Cuirfidh an Coimisiún ar fáil, ar mhodh iomchuí, faisnéis faoi thairbhithe cistí a eascróidh ón mbuiséad a bheidh á theachtadh aige agus an buiséad á chur chun feidhme ar bhonn láraithe ~~de bhun Airteagail 53a~~ agus go díreach ag a ranna nó ag Toscaireachtaí an Aontais i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 51, agus faisnéis faoi thairbhithe cistí arna soláthar ag na heintitis a ndéanfar cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chucu faoi mhodhanna eile bainistíochta."
(9) Cuirtear Airteagal 60a isteach mar seo a leanas i roinn 2:	(9) Cuirtear Airteagal 60a isteach mar seo a leanas i roinn 2:
"Airteagal 60a	*"Airteagal 60a*
1. I gcás ina ngníomhóidh Cinn Thoscaireachtaí an Aontais mar oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 51, oibreoidh siad i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún le haghaidh chur chun feidhme iomchuí na gcistí, d'fhonn dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart airgeadais, urramú phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais i dtaca le bainistíocht cistí agus cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú go háirithe.	1. I gcás ina ngníomhóidh Cinn Thoscaireachtaí an Aontais mar oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 51, oibreoidh siad i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún le haghaidh chur chun feidhme iomchuí na gcistí, d'fhonn dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart airgeadais, urramú phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais i dtaca le bainistíocht cistí agus cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú go háirithe.
Chuige sin, déanfaidh siad na bearta is gá chun cosc a chur ar aon staid ina bhféadfaí freagracht an Choimisiúin as cur chun feidhme an bhuiséid arna fhotharmligean dóibh a chur i ngeall chomh maith le haon choinbhleacht leasa nó tosaíochtaí ag a bhfuil iarmhairt do chur chun feidhme na gcúraimí bainistíochta airgeadais arna bhfotharmligean dóibh.	Chuige sin, déanfaidh siad na bearta is gá chun cosc a chur ar aon staid ina bhféadfaí freagracht an Choimisiúin as cur chun feidhme an bhuiséid arna fhotharmligean dóibh a chur i ngeall chomh maith le haon choinbhleacht ~~leasa nó~~ tosaíochtaí ag a bhfuil iarmhairt do chur chun feidhme na gcúraimí bainistíochta airgeadais arna bhfotharmligean dóibh.
I gcás ina dtiocfaidh staid nó coinbhleacht dá dtagraítear sa dara fomhír chun cinn, cuirfidh Cinn Thoscaireachtaí an Aontais é sin in iúl don roinn fhreagrach de chuid an Choimisiúin agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála gan mhoill."	I gcás ina dtiocfaidh staid nó coinbhleacht dá dtagraítear sa dara fomhír chun cinn, cuirfidh Cinn Thoscaireachtaí an Aontais é sin in iúl don roinn fhreagrach de chuid an Choimisiúin agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála gan mhoill."
(12) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 85:	(12) Cuirtear mír 5 isteach mar seo a leanas in Airteagal 85:
"Chun críocha Iniúchóireacht inmheánach SEGS, beidh Cinn Thoscaireachtaí an Aontais, ag gníomhú dóibh mar oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 51, faoi réir chumhachtaí fíoraithe Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin i gcomhair na bainistíochta airgeadais arna fotharmligean dóibh.	"Beidh na freagrachtaí céanna ag Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin i leith na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Eachtraí, dá dtagraítear in Airteagal 1, agus mar atá aige/aici i leith ranna an Choimisiúin".
Ar chúiseanna comhchuibhis, éifeachtúlachta agus cost-éifeachta, gníomhóidh Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin mar Iniúchóir inmheánach SEGS freisin i leith chur chun feidhme buiséid roinn SEGS den bhuiséad."	
(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 165:	(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 165:
"Beidh cur chun feidhme na ngníomhartha ag tríú tíortha is tairbhithe nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta faoi réir grinnscrúdú ón gCoimisiún de bhun Airteagal 53a."	"Beidh cur chun feidhme na ngníomhartha ag tríú tíortha is tairbhithe nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta faoi réir grinnscrúdú ón gCoimisiún ~~de bhun Airteagal 53a.~~"
(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 185, mír 3:	~~(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 185(3):~~
"3. Feidhmeoidh Iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na cumhachtaí céanna ar na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 agus a dhéanann sé nó sí i leith ranna an Choimisiúin nó Thoscaireachtaí an Aontais."	"~~3. Feidhmeoidh iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na cumhachtaí céanna ar na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 agus a dhéanann sé nó sí i leith ranna an Choimisiúin nó Thoscaireachtaí an Aontais.~~ "